



Go tóin poill



Séideán Sí



Ábhar tacaíochta léitheoireachta agus tuisceana

Eilís Nic Aodha

COMHAIRLEOIRÍ SRAITHE: SIOBHÁN NÍ DHÚILL AGUS BRÍDÍN NIC UIGINN





CLÁR

| | |
|-------------|----|
| Caibidil 1 | 4 |
| Caibidil 2 | 6 |
| Caibidil 3 | 7 |
| Caibidil 4 | 9 |
| Caibidil 5 | 10 |
| Caibidil 6 | 13 |
| Caibidil 7 | 15 |
| Caibidil 8 | 18 |
| Caibidil 9 | 19 |
| Caibidil 10 | 23 |
| Caibidil 11 | 26 |

Go Tóin Poill

Féach go géar ar chlúdach an leabhair. Cad a fheiceann tú? Pléigh an cheist seo le do pháirtí agus déanaigí cur síos ar an radharc.

Léigh blurba an leabhair agus féach ar an gclúdach, ansin déan iarracht plota an scéil a thomhas. Mínigh an plota sin go simplí i do chuid focal féin.



CAIBIDIL 1

Triail Tuisceana

1. Cén t-am den bhliain a bhí ann nuair a thug Nic cuairt ar a sheantuismitheoirí?
2. Cén fáth a raibh Nic ag dul go hInis Meáin?
3. Cé chomh fada a bheidh Nic ar an oileán?
4. Cad as ar tháinig na daoine a bhí ar an mbus?
5. Cé mhéad oileán atá i gcuin na Gaillimhe? Cad is ainm dóibh?
6. Cad is ainm don chalafort?
7. Ainmnigh sé theanga dhifriúla?
8. Cén saghas aimsire a bhí ann?
9. Cad is ainm do na sléibhte a chonaic Nic?
10. An gruaig fhada nó gruaig ghearr atá ar Nic?



Stór Focal

Cuir na focail seo in abairtí. Úsáid foclóir chun an bhrí a fháil, más gá.

1. aithne
2. leadránach
3. soiléir
4. bheannaigh ... do ...
5. plódaithe
6. calafort

Gramadach/Réamhfhocail

Féach ar na samplaí seo ón téacs ina bhfuil an réamhfhocail **go** le feiceáil. Cad iad na patrúin a fheiceann tú? Pléigh na samplaí seo leis an duine in aice leat.

Ach an tráthnóna Aoine seo bhí sé ag taisteal **go hInis Meáin**.

B'éigean dó bus a fháil as Baile Átha Cliath **go Gaillimh**.

... bus eile ina dhiaidh sin **go dtí an calafort**.

Nuair a bheidh sin déanta agaibh, déanaigí na míniúcháin thíos a mheaitseáil leis an sampla ceart. Scríobh an litir atá luaite leis an míniúchán faoin sampla cuí.

Míniúcháin:

- A. Seo an fhoirm a úsáidtear roimh an alt.
- B. Cuirtear 'h' roimh an ainmfhocail.
- C. Ní thagann aon athrú ar an ainmfhocail.

| go roimh ghuta | go dtí | go roimh chonsan |
|-----------------------|---------------|-------------------------|
| | | |

An féidir leatsa trí abairt nua de do chuid féin a chumadh chun do thuiscint ar na foirmeacha sin a léiriú?

1. _____
2. _____
3. _____



CAIBIDIL 2

Triail Tuisceana

1. Cén fáth ar lig Nic osna as?
2. Cén aois a bhí Nic?
3. Cén fáth a raibh máthair Nic ag gaoch air?
4. Ar chuir a sheanmháthair gaoch ar Nic?
5. An raibh máthair Nic ag coinneáil a sheanmháthair ar an eolas faoi gach rud a rinne sé?
6. Conas a mhothaíonn Nic faoina mháthair?
7. Ar thaisteal Nic leis féin go dtí an t-oileán roimhe seo?
8. An raibh Nic sásta nuair a ghlaigh a athair air?



Stór Focal

Cuir na focail seo a leanas in abairtí. Úsáid foclóir nó pléigh an bhrí le do pháirtí.

1. osna
2. bodhraithe
3. ag cur cantail air
4. go hiondúil
5. an babhta seo
6. ag déanamh scéal chailleach an uafáis



Pléigh/ Labhair le do Pháirtí

Déan cur síos ar thuras a rinne tú féin chun do sheantuismitheoirí a fheiceáil.



Scríobh

Scríobh alt bunaithe ar do sheantuismitheoirí. Cad is ainm dóibh? Cá bhfuil cónaí orthu? Cé chomh sean is atá siad? Cad a dhéanann siad?



CAIBIDIL 3

Triail Tuisceana

1. Cén t-am den lá a bhí ann agus an bád ag fágáil Chalafort Ros an Mhíl? Conas atá a fhios agat é sin?
2. Arbh fhearr le Nic fanacht taobh istigh sa chábán nó a bheith thuas ar an deic go hiondúil?
3. Cad a bhí ag na hóileánaigh agus ag na turasóirí le tabhairt leo go dtí an t-oileán?
4. Cén fáth a raibh mic léinn ón ollscoil ag tabhairt aghaidh ar cheann de na hoileáin?
5. Cad a bhí ar siúl ag na mic léinn sa chábán?
6. An raibh Nic ag súil lena Mhamó agus a Dhaideo a fheiceáil?
7. Cén saghas aimsire a bhí geallta don iarthar de réir réamhaisnéis na haimsire?
8. Cad a bhí beartaithe ag Nic a dhéanamh lena Dhaideo ag an deireadh seachtaine?
9. Cén fáth ar thug Nic éadaí báistí leis?
10. Cén fáth a raibh Nic sásta imeacht ón gcathair?



Pléigh / Labhair le do Pháirtí

1. Nuair a bhí Nic amuigh ar an deic
 - cad iad na rudaí a chuir áthas air?
 - cad iad na rudaí a raibh sé ag súil go mór leo?
 - cad iad na rudaí a bhí ag cur isteach air?
2. Bíonn Nic ag smaoineamh ar na buntáistí a bhaineann le saol an oileáin i gcomparáid le saol na cathrach. Pléigh na buntáistí sin. An féidir leatsa smaoineamh ar bhuntáistí breise?



Díospóireacht Ranga

Is é seo thíos an rún atá le plé:

“Is fearr saol an oileáin ná saol na cathrach.”

Beidh sibh roinnte in bhur bhfoirne ag brath ar cé acu a aontaíonn sibh leis an rún sin nó nach n-aontaíonn.

Is féidir leat pointí a scríobh sna boscaí thíos chun cabhrú leat argóint a réiteach.

| Buntáistí a bhaineann le saol an oileáin | Míbhuntáistí a bhaineann le saol an oileáin |
|--|---|
| | |

| Buntáistí a bhaineann le saol na cathrach | Míbhuntáistí a bhaineann le saol na cathrach |
|---|--|
| | |



CAIBIDIL 4

Triail Tuisceana

1. Cad a tharla don bhád nuair a bhí na paisinéirí leath bealaigh go hInis Meáin?
2. Cén fáth a raibh na mic léinn ag clamhsán?
3. Ar thug aon duine aird ar bith ar na mic léinn?
4. Cén glór a chuala Nic ag teacht ó sheomra an innill?
5. Cad a bhí ar siúl aige i seomra an innill?
6. Cén fáth a raibh an t-innealtóir ag eascainí?
7. Thosaigh Nic ag éirí imníoch faoina raibh ag tarlú. Cén fáth?
8. Cén fáth ar thóg sé an fón póca amach le glaoch ar a Mhamó?



Stór Focal

Cuir na focail seo in abairtí. Úsáid foclóir chun brí na bhfocal a fháil, más gá.

1. clamhsán
2. teocht
3. imníoch
4. torann
5. aisteach
6. eascainí



Scríbhneoireacht

1. Scríobh alt faoi am éigin nuair a bhí imní ort.
2. Scríobh an comhrá fóin a tharla, dar leat, idir Nic agus a Mhamó.





CAIBIDIL 5

Triail Tuisceana

1. Cén cineál ceoil a chuala Nic agus é ag cur scairt ar a Mhamó?
2. An raibh Nic in ann daoine eile a fheiceáil?
3. Cad a bhí ag teacht isteach ón bhfarraige?
4. Cad a cheap Nic a bhí ag teacht ina threo?
5. An raibh áthas ar Nic nuair a bhuaill an fón póca? Cén fáth?
6. Cad a chuala sé nuair a d'fhreagair sé an fón?
7. Do bharúil cá raibh an criú agus na paisinéirí eile?
8. Cén fáth a raibh fuarallas ag rith leis?
9. Déan cur síos ar an athrú aimsire a tharla.
10. Cén fáth a raibh eagla ar Nic?



Stór Focal

Pléigh na nathanna seo a leanas agus cuir in abairtí iad.

1. ar crith leis an bhfuacht
2. bád tarrthála
3. go grinn
4. a chroí ina bhéal aige
5. fuarallas
6. greim an fhir bháite



Obair bheirte

Aimsigh na focail ón scéal a chiallaíonn an rud céanna leis na focail thíos.

1. Aon rud: _____ (4)
2. D'fhéach: _____ (12)
3. Mhothaigh: _____ (7)
4. Ag bogadh / ag casadh: _____ (2, 6)
5. Bhí eagla air: _____
(3,1,5,3,5,4)



Plé ranga

Pléigh na hamanna sin nuair a bhí eagla ort agus nuair a bhí do chroí i do bhéal.



Scríbhneoireacht

1. Bhí rud éigin aisteach ag tarlú sa scéal i gcaibidil a cúig. Cad a bhí ag tarlú, dar leatsa?

2. Scríobh síos fianaise (abairtí/frásaí) ó chaibidil a cúig a léiríonn go raibh eagla ar Nic ag an bpointe seo.

3. Scríobh scéal ag tosú le 'Bhí mo chroí i mo bhéal ...!'



Tarraing Pictiúr

Tarraing pictiúr de Nic agus greim an fhir bháite aige ar an ráille.



CAIBIDIL 6

Triail Tuisceana

1. Cad a chonaic Nic?
2. Cad a bhí ar siúl ar bord loinge?
3. Cad a chuala Nic?
4. Cén fáth nach gnáthshoitheach a bhí inti?
5. Cé a bhí ag faire ar Nic ón long?
6. Cén fáth ar léim Nic nuair a leagadh lámh ar a ghualainn?
7. Cad a dúirt an t-iascaire le Nic?
8. Cén t-athrú a tháinig ar an aimsir nuair a d'ímigh an soitheach?
9. An ag brionglóideach a bhí Nic nuair a chonaic sé an soitheach?
10. An bhfaca an t-iascaire an soitheach?



Stór Focal

Cuir na focail seo in abairtí. Úsáid d'fhoclóir, más gá.

1. soitheach
2. laindéar
3. balbhán
4. drogall
5. tuisle



Obair bheirte

Aimsigh na focail ón scéal a chiallaíonn an rud céanna leis na focail thíos.

1. Áthas: _____ (7)
2. Ag imeacht: _____ (2,6,3)



Scríbhneoireacht

Cum scéal an iascaire agus inis don rang é.

Déan tagairt do na nithe seo a leanas i do scéal:

- Cuma an bháid
- Cé a bhí ar bord?
- Cá raibh an criú/na paisinéirí ag dul?
- Cén fáth a raibh siad ag dul ann?
- Cad a tharla le linn an turais?



CAIBIDIL 7

Triail Tuisceana

1. Cad a chonaic an seanfhear cheana?
2. Cá raibh sé nuair a chonaic sé cheana é?
3. An bhfuil sé feicthe ag mórán daoine eile?
4. Cad is ainm do Dhaid Nic?
5. Cén aois a bhí ag Nic nuair a d'fhág siad an t-oileán?
6. Cá bhfuil cónaí ar Nic anois?
7. Cén tslí bheatha atá ag Daid Nic?
8. Cá bhfuil Daid Nic ag múineadh?
9. Cén chaoi a bhfuil aithne ag an seanfhear ar Mhamó Nic?
10. Cad a dhearg an seanfhear sular thosaigh sé ag insint an scéil?



Déan Taighde

Cé leis thú?/Cé thú féin?

Scríobh liosta de do chuid gaolta go léir. Tarraing crann ginealaigh.



Tarraing Pictiúr

Tarraing pictiúr den bhád, den chriú agus de na paisinéirí ar a mbealach go dtí an t-oileán.



Obair Thionscnaimh: Saol an Oileáin

1. Déan taighde ar oileáin na hÉireann. I gcás gach oileáin, dírig ar na rudaí seo:
 - ainm an oileáin
 - contae an oileáin
 - daonra an oileáin
 - achar an oileáin
 - slite beatha ar an oileán
 - cá dtéann na páistí ar scoil?
 - nósanna an oileáin
 - stair an oileáin
 - príomháiteanna ar an oileán
 - imirce ón oileán
 - daoine cáiliúla ón oileán nó daoine cáiliúla a bhfuil baint acu leis an oileán
 - teanga an oileáin

Seo suíomh gréasáin a chabhróidh leat: <https://www.chg.gov.ie/ga/gaeltacht/islands/>

2. Cuir ceist ar do mhuintir sa bhaile an bhfuil taithí acu ar shaol an oileáin nó an bhfuil aithne acu ar oileánach. Má tá, an bhféadfá agallamh a chur ar an duine sin? Cum ceistneoir don agallamh.



Déan taighde

1. Léigh agus pléigh an dán 'An tEarrach Thiar' le Máirtín Ó Direáin.
2. Tarraing pictiúr a léiríonn an dán seo.

An tEarrach Thiar

le Máirtín Ó Direáin

Fear ag glanadh cré
De ghimseán spáide,
Sa gciúnas shéimh
I mbrothall lae:
Binn an fhuaim
San Earrach thiar.

Fear ag caitheamh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin.
Niamhrach an radharc
San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar díthrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támh-radharc síothach
San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Curach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar órmhuir mhall
I ndeireadh lae;
San Earrach thiar.

Á fhoilsiú le caoinchead Chló Iar-Chonnacht.

3. Cuardaigh pictiúir de chuid an ealaíontóra Paul Henry agus déan staidéar orthu. An féidir leatsa do phictiúr féin a tharraingt chun saol an oileáin a léiriú?
4. Ar leathanach bán scríobh síos oiread focal agus is féidir leat a bhaineann le saol an oileáin. Déan iarracht ansin abairtí ó bhéal a chumadh le gach ceann acu.
5. Scríobh do dhán féin faoi oileán.



CAIBIDIL 8

Triail Tuisceana

1. Cén fáth ar choimeád siad gunnaí ar an mbád ag an am?
2. Ainmnigh triúr atá 'mór le rá' sa lá atá inniu ann.
3. Luaigh rud éigin a mhionnaigh tú le déanaí.
4. Cé chomh fada a thóg sé ar an Soitheach Spáinneach dul go tóin poill?
5. Cad a bhí i gceist acu nuair a dúirt siad go 'bhfanfadh siad ar thalamh tirim' as sin amach?
6. Cén fáth a gceapann an seanfhear go bhfaca sé féin agus Nic an Soitheach Spáinneach?
7. Déan cur síos ar an gcaoi ar thosaigh an tine ar an soitheach.
8. Cé mhéad Spáinneach a tháinig slán ón tine?
9. Cad iad na buanna atá ag sliocht na Spáinneach ar an oileán?
10. An gcreideann tú an scéal seo? Cén fáth?



Stór Focal

Aimsigh na focail ón scéal a chiallaíonn an rud céanna leis na focail thíos.

1. Daoine tábhachtacha: _____ (6, 3, 2, 2)
2. Is dócha/ is cosúil: _____ (2, 8)
3. Chomh tapa: _____ (5, 8)
4. Níos mó: _____ (9)



Plé ranga

An bhfuil aithne agat ar dhaoine a shocraigh síos in Éirinn ó thíortha eile? Cuir agallamh orthu agus faigh amach cad iad na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir a dtír dhúchais agus an tír seo. Is féidir do chuid ceisteanna a bhunú ar theanga, bia, cultúr, spórt, reiligiún, etc.



Taighde

1. Déan taighde ar Armáid na Spáinne.
2. Liostaigh an méid is mó fíricí is féidir leat faoin eachtra seo.



CAIBIDIL 9

Triail Tuisceana

1. Cad is ainm don ghadhar?
2. Cé a bhí ina sheasamh ar an gcé ag fanacht le Nic?
3. Conas a mhothaigh Nic nuair a chonaic sé a Dhaideo, meas tú?
4. An raibh gach duine cinnte go raibh siad ar an oileán ceart?
5. Cén t-oileán eile a rachaidh an bád chuige?
6. Ar mhaith leat dul go hInis Meáin? Cén fáth?
7. Cad is ainm don seanfhear?
8. An rud a chonaic sé agus an scéal a chuala sé, ar chuir siad as do Nic, dar leat?
9. An gceapann tú gur fíorscéal é seo?
10. Meas tú cén chéad cheist a bheidh ag Nic ar a Dhaideo?



Obair ghrúpa

Bailigh eolas faoi bháid/longa a chuaigh go tóin poill. Léirigh an taighde mar thaispeántas balla. Ba chóir go mbeadh bád nó long éagsúil ag gach grúpa.

Aimsigh ar an léarscáil

Ar an léarscáil thíos, aimsigh gach ceann de na hoileáin seo:

1. Inis Oírr
2. Inis Meáin
3. Inis Mór
4. Cléire
5. Oileáin Thoraí
6. Na Scealga
7. Inis Toirc
8. Árainn Mhór



Meaitseáil na focail

I gcanúintí difriúla bíonn focail éagsúla in úsáid.

Meaitseáil na focail ón scéal leis na focail a bhfuil an chiall chéanna leo.

| | |
|-----------------------------|-------------------------|
| dhein sé | i mbaol |
| i gcontúirt | buartha |
| gadhar | chas |
| chomh sciobtha | fuaireadar gach cabhair |
| tar éis scaithimh | rinne sé |
| aisteach | madra |
| d'iompaigh | chomh tapa |
| cuireadh chuile chóir orthu | ait |
| imníoch | níos luaithe |
| níos túisce | tar éis tamaill |

Clúdach nua

Dear clúdach nua don leabhar *Go Tóin Poill*.



CAIBIDIL 10

Cleachtadh ar an tuiséal ginideach

Tá sampla den tuiséal ginideach le feiceáil i dteideal an leabhair seo: Go Tóin **Poill**.

An dtuigeann tú an riail a bhaineann leis an Tuiséal Ginideach?

Sa tuiséal ginideach, athraíonn foirm an ainmfhocail, mar shampla:


deireadh + seachtain = deireadh **seachtaine**

ag imirt + leadóg = ag imirt **leadóige**

Tarlaíonn an t-athrú seo ar ainmfhocail sna cásanna seo a leanas:

- A. Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, e.g. seomra **ranga**, bád **seoil**.
- B. I ndiaidh réamhfhocal comhshuite, e.g. ar fud **na tíre**, le linn **an ranga**.
- C. I ndiaidh ainm briathartha, e.g. ag tógáil **tí**, ag léamh **an scéil**.
- D. I ndiaidh focail a chuireann cainníocht ghinearálta in iúl, e.g. go leor **trioblóide**, an-chuid **ama**.
- E. I ndiaidh na réamhfhocal **cois, dála, fearacht, timpeall, trasna**, e.g. trasna **na sráide**, timpeall **an chúinne**.

An féidir leatsa smaoineamh ar aon samplaí eile atá timpeall na scoile? Scríobh isteach sa bhosca thíos iad. Tá cúpla leid tugta duit sna pictiúir.



Déan iarracht anois samplaí den tuiséal ginideach a aimsiú sa leabhar. Tá leideanna agus uimhreacha na leathanach curtha ar fáil chun cabhrú leat.

1. ar an mbád _____ (lch 3)
2. i gCuan _____ (lch 3)
3. seachtain de shaoire _____ (lch 3)
4. ar bhus _____ (lch 3)
5. ag fágáil _____ (lch 4)
6. le linn _____ (lch 8)
7. boscaí _____ (lch 8)
8. ag baint _____ (lch 9)
9. lucht _____ (lch 10)
10. aimsir _____ (lch 10)
11. ar feadh _____ (lch 11)
12. ag déanamh _____ (lch 13)
13. i dtreo _____ (lch 17)
14. leabhair _____ (lch 18)
15. doras _____ (lch 19)
16. ag baint _____ (lch 20)
17. bád _____ (lch 25)
18. foghlaim _____ (lch 26)
19. a ndóthain _____ (lch 26)
20. torann _____ (lch 29)



CAIBIDIL 11

Léirmheas ar an leabhar

| | |
|------------------------------|--|
| Ainm an leabhair | |
| Údar an leabhair | |
| Maisitheoir an leabhair | |
| Foilsitheoir an leabhair | |
| Dáta a foilsíodh an leabhar | |
| Seánra an leabhair | |
| Suíomh an scéil | |
| Príomhcharachta(i)r an scéil | |
| Plota an scéil | |
| An carachtar is fearr liom | |
| Mo thuairim faoin scéal | |
| Réaltaí a thugaim don scéal | |

